S72T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006

## OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL

DÉ hAOINE, 9 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 3.30

Uimhir an Ionaid [ ]

Scrúduimhir [ ]

**TREORACHA**

1. **Déan deimhin de go scríobhann tú do scrúduimhir sa bhosca thuas.**

2. Freagair **gach ceist** i Roinn 1 (18 marc)
   Freagair **trí cheist ar bith** i Roinn 2 (42 marc)
   Freagair **ceist amháin ar bith** i Roinn 3 (20 marc)
   Iomlán (80 marc)

3. **Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

4. **Tabhair an páipéar seo ar ais ag deireadh an scrúdaithe.**

**<u>TÁBHACHTACH</u> Beifear ag súil leis go gcloífidh tú leis an gcur chuige a chleachtar sa chúrsa OSSP ó thaobh cearta daonna de agus tú ag freagairt na gceisteanna ar an bpáipéar.**

| **Don scrúdaitheoir** | | |
|---|---|---|
| | **Ceist** | **Marc** |
| **Roinn 1** | **C 1** | |
| | **C 2** | |
| | **C 3** | |
| **Roinn 2** | **C 1** | |
| | **C 2** | |
| | **C 3** | |
| | **C 4** | |
| **Roinn 3** | **C 1** | |
| | **C 2** | |
| | **C 3** | |
| | **C 4** | |
| **IOMLÁN** | | |
| **Iomlán na n-iomlán bunleathanaigh** | | |
| **Bónasmharc don fhreagairt trí Ghaeilge** | | |
| **MÓRIOMLÁN a bronnadh má tá bónasmharc don Ghaeilge san áireamh** | | |

**ROINN 1**

**Freagair GACH ceist sa roinn seo.**

1. Fótagraif iad seo thíos de cheathrar a bhfuil nó a raibh poist acu sa pholaitíocht.

   Scríobh síos sna spásanna atá ann dóibh ainm agus teideal gach duine díobh.

   **Níl sé ceadaithe ainm agus teideal ar bith díobh a úsáid ach AON UAIR AMHÁIN.**

| **Ainmneacha:** | **Teidil:** |
|---|---|
| Jose Manuel Durao Barroso | Ceannaire Sheanad Éireann |
| Kofi Annan | An tAire Oideachais agus Eolaíochta |
| Mary Hanafin | Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh |
| Mary O'Rourke | Rúnaí Ginearálta na Náisiún Aontaithe |



Ainm ______________________________

Teideal ______________________________



Ainm ______________________________

Teideal ______________________________



Ainm ______________________________

Teideal ______________________________



Ainm ______________________________

Teideal ______________________________

(8 marc)

**2.** Anseo thíos tá ainmneacha cúig eagraíocht agus cúig ghrúpa daoine.

**Eagraíochtaí**

- Amnesty International
- Pavee Point
- Cumann Chathaoir Rothaí na hÉireann
- Cónaidhm Náisiúnta na hÓige
- Clann Shíomóin

**Grúpaí Daoine**

- Daoine gan Dídean
- Daoine le Míchumas
- Príosúnaigh Choinsiasa
- An Lucht Taistil
- Daoine Óga

Sna spásanna atá ann dóibh thíos scríobh ainm na heagraíochta a bhfuil an nasc is dlúithe ag gach grúpa daoine léi. **Níl sé ceadaithe ach ainm eagraíochta AMHÁIN a scríobh os comhair ainm gach grúpa daoine. Níl sé ceadaithe eagraíocht a úsáid ach AON UAIR AMHÁIN. Mar shampla duit, tá meaitseáil amháin déanta.**

| | **Grúpa Daoine** | **Eagraíocht** |
|---|---|---|
| **Sampla:** | Daoine Óga | *Cónaidhm Náisiúnta na hÓige* |
| **Freagra:** | An Lucht Taistil | ______________________ |
| | Príosúnaigh Choinsiasa | ______________________ |
| | Daoine le Míchumas | ______________________ |
| | Daoine gan Dídean | ______________________ |

(4 mharc)

**3.** Comhlánaigh gach ceann de na habairtí seo a leanas:

(i) Ní féidir le muintir na hÉireann athrú a chur ar Bhunreacht na hÉireann ach i _____

(ii) In Éirinn caithfear mórthoghchán a bheith ann gach __________ bhliain.

(iii) Is é a thugtar ar an gcúirt is airde in Éirinn ná an Chúirt ________________________

(iv) San Aontas Eorpach éistítear cásanna dlí mar gheall ar chearta daonna sa ________ __________ ___ _________ ___ _______.

(v) Déanaimid ár mballraíocht san Aontas Eorpach a chomóradh ar an 9ú Bealtaine gach bliain. Is é a thugtar ar an lá sin ná An L _ E _ _ _ _ _ _.

(vi) Toghtar 732 Feisire Eorpach (MEPs *i mBéarla*) do _________________ ___________________.

(6 mharc)

**ROINN 2**

**Freagair TRÍ cinn ar bith de na ceisteanna uimhrithe 1, 2, 3, 4 thíos.**

**Gabhann 14 mharc le gach ceist.**

**1. <u>Cairde na Cruinne</u>**

**Déan staidéar ar an mbróisiúr, *Cairde na Cruinne,* atá priontáilte ar leathanach scaoilte ar leith (Lch 1).**

**Ar bharr an leathanaigh léifidh tú *Cairde na Cruinne* - Bróisiúr le haghaidh Roinn 2, Ceist 1.**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an mbróisiúr seo, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cad é ainm na heagraíochta a bhíonn ag plé leis an gcomhshaol?

________________________________________________

Cén mana a úsáidtear chun teachtaireacht na heagraíochta a chur abhaile?

________________________________________________

Ainmnigh trí shlí inar féidir teagmháil leis an eagraíocht.

(i) ________________ (ii) ________________ (iii) ________________

(3 mharc)

(b) Ón mbróisiúr seo luaigh **TRÍ** ábhar imní atá ag an eagraíocht seo mar gheall ar an gcomhshaol.

An chéad ábhar imní ____________________________________

An dara hábhar imní ____________________________________

An tríú hábhar imní ____________________________________

(3 mharc)

(c) *Caith go maith leis an gcruinne: ní hiad do thuismitheoirí a thug duit í,*

*do chlann pháistí a thug ar iasacht duit í.* *– Seanrá Dúchasach Meiriceánach*

Cad a deir an seanrá seo linn faoina bhfuil i gceist leis an maoirseacht?

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(2 mharc)

(d) Ach mionathruithe a dhéanamh ar ár nósanna beatha, is mór is féidir linn a dhéanamh ar son an chomhshaoil.

Mol **DHÁ** chéim phraiticiúla is féidir **LEATSA** a thabhairt chun cabhrú le cosaint an chomhshaoil.

Céim 1

__________________________________________________

__________________________________________________

Céim 2 __________________________________________________

__________________________________________________

(2 mharc)

(e) Gach bliain, spreagann Comórtas na mBailte Slachtmhara pobail chun aire a thabhairt don chomhshaol ina gceantair féin.

Déan cur síos ar **DHÁ** ghníomh a d'fhéadfadh **COISTE NA mBAILTE SLACHTMHARA** a dhéanamh chun spreagadh a thabhairt do phobal aire a thabhairt don cheantar áitiúil.

An Chéad Ghníomh ____________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

An Dara Gníomh ______________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(4 mharc)

**2. <u>Fágaimis an Bhochtaineacht inár nDiaidh go deo: Spriocanna Forbartha na Mílaoise</u>**

**Déan staidéar ar an bpóstaer, *Fágaimis an Bhochtaineacht inár nDiaidh go deo: Spriocanna Forbartha na Mílaoise,* atá priontáilte ar leathanach ar leith (Lch 2).**

**Ar bharr an leathanaigh léifidh tú *Fágaimis an Bhochtaineacht inár nDiaidh go deo: Spriocanna Forbartha na Mílaoise* - Póstaer le haghaidh Roinn 2, Ceist 2.**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an bpóstaer, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cén charthanas Éireannach atá ag cur Spriocanna Forbartha na Mílaoise chun cinn?

________________________________________

Cén suíomh gréasáin ar a bhfuil a thuilleadh eolais ar fáil mar gheall ar na spriocanna sin?

________________________________________

Cén bhliain a bhfuil daoine ag súil leis go mbeidh domhan níos cothroime i réim?

________________________________________

(3 mharc)

(b) Liostaigh **TRÍ CINN AR BITH** de Spriocanna Forbartha na Mílaoise ón bpóstaer seo.

An Chéad Sprioc ________________________________

An Dara Sprioc ________________________________

An Tríú Sprioc ________________________________

(3 mharc)

(c) Chonacthas daoine cáiliúla ag caitheamh na mbráisléad Fágaimis an Bhochtaineacht inár nDiaidh go deo. Cén cuspóir atá leis na bráisléid sin?

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

(d) Samhlaigh gur ceapadh thú i d'Aire Stáit le Freagracht Speisialta le haghaidh Cúnamh Forbartha Thar Lear agus Cearta Daonna anseo in Éirinn.

Mol gníomh **AMHÁIN** a d'fhéadfása, **mar Aire,** a dhéanamh chun deireadh go deo a chur leis an mbochtaineacht.

Gníomh ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(2 mharc)

(e) Chun Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach caithfidh gach duine oibriú le chéile. Déan cur síos ar **DHÁ** ghníomh a d'fhéadfadh an **RANG OSSP AGATSA** a dhéanamh chun na spriocanna sin a bhaint amach.

An Chéad Ghníomh ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

An Dara Gníomh ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(4 mharc)

**3.** **Cuir Stop leis an gCiníochas**

**Déan staidéar ar an bpóstaer,** ***Cuir Stop leis an gCiníochas,*** **atá priontáilte ar leathanach ar leith (Lch 3).**

**Ar bharr an leathanaigh léifidh tú** ***Cuir Stop leis an gCiníochas*** **- Póstaer le haghaidh Roinn 2, Ceist 3.**

**Nuair a bheidh an póstaer sin léite agat, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cén comhlacht iompair a chuir an póstaer seo ar fáil?

____________________________________________________________

Cad é mana an chomhlachta iompair seo?

____________________________________________________________

Cuid de chlár eolais i bhfad níos cuimsithí is ea an póstaer seo. Cén t-ainm a thugtar ar an gclár eolais seo?

____________________________________________________________

(3 mharc)

(b) Is é a deir an póstaer ná ‘ táimid ar fad ag gluaiseacht sa treo céanna’.
Cén treo ina bhfuilimid ar fad ag gluaiseacht, de réir an phóstaeir?

____________________________________________________________

Conas is ceart dúinn gníomhú de réir theachtaireacht an phóstaeir seo?

____________________________________________________________

(2 mharc)

(c) Úsáidtear an téarma ‘ciníochas’ go minic inniu. Cad is brí leis an téarma ‘ciníochas’?

Is é is brí leis an téarma ‘ciníochas’ ná ____________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(2 mharc)

(d) *Baintear a gcearta bunúsacha daonna de dhaoine de dheasca an chiníochais.*

Luaigh **TRÍ** cheart a bhaintear de dhaoine de dheasca an chiníochais.

An Chéad Cheart ______________________________

______________________________

An Dara Ceart ______________________________

______________________________

An Tríu Ceart ______________________________

______________________________

(3 mharc)

(e) Déan cur síos ar **DHÁ** ghníomh a d'fhéadfadh **AN RANG OSSP AGATSA** a dhéanamh chun cosc a chur leis an gciníochas sna scoileanna.

An Chéad Ghníomh ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

An Dara Gníomh ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(4 mharc)

**4.** **Bliain Eorpach na Saoránachta trí mheán an Oideachais**

**Déan staidéar ar an mbileog eolais atá priontáilte ar leathanach scaoilte ar leith (Lch 4).**

**Ar bharr an leathanaigh léifidh tú *Bliain Eorpach na Saoránachta trí mheán an Oideachais* - Bileog Eolais le haghaidh Roinn 2, Ceist 4.**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an mbileog eolais, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Tugadh Bliain Eorpach _____ _________________ ______ ________________ _____ ________________ ar an mbliain 2005.

Cén mana a bhí ann don bhliain sin?

___________________________________________________________________

Cén fáth ar bheartaigh Comhairle na hEorpa an bhliain áirithe sin a eagrú?

___________________________________________________________________

(3 mharc)

(b) De réir na bileoige eolais, cén téama a bhí ann don Bhliain Eorpach seo in Éirinn?

___________________________________________________________________

Cén suíomh gréasáin a raibh eolas le fáil air mar gheall ar an mBliain Eorpach 2005 in Éirinn?

___________________________________________________________________

(2 mharc)

(c) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go bhfoghlaimeodh daoine óga i dtaobh na saoránachta ar scoil?

___________________________________________________________________

___________________________________________________________________

___________________________________________________________________

___________________________________________________________________

(3 mharc)

(d) Tá 46 tír ina mbaill de Chomhairle na hEorpa.

Luaigh **DHÁ** ghníomhaíocht de chuid Chomhairle na hEorpa.

An Chéad Ghníomhaíocht ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

An Dara Gníomhaíocht ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(2 mharc)

(e) Rianaigh **DHÁ** ghníomhaíocht a d'fhéadfadh **AN RANG OSSP AGATSA** a dhéanamh chun a thaispeáint cad a bhí i gceist leis an mBliain Eorpach seo.

An Chéad Ghníomhaíocht ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

An Dara Gníomhaíocht ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(4 mharc)

## ROINN 3

**Freagair CEANN AMHÁIN de na ceisteanna 1, 2, 3, 4 thíos.**
**Gabhann 20 marc le gach ceist.**

**Tá leathanach bán le haghaidh chlúdach an leabhráin /cheisteanna na bpóstaer ar chúl an fhreagarleabhair seo.**

**Má tá breis páipéir uait chun an cheist seo a fhreagairt, iarr ar an bhFeitheoir é, le do thoil.**

**1. Cearta Daoine atá ag dul in Aois**

Nuair a bhí staidéar á dhéanamh agat ar chearta agus ar dhualgais sa rang OSSP agatsa, rinne tú iniúchadh ar chearta daoine atá ag dul in aois. Tá beartaithe ag do rangsa anois feachtas a eagrú i do scoilse chun go mbeifí níos mó ar an eolas i dtaobh daoine atá ag dul in aois sa phobal agat féin.

(a) Rianaigh **TRÍ** cheist a bhaineann le daoine atá ag dul in aois a bheadh á gcur san áireamh agat i d'fheachtas. (6 mharc)

(b) Déan cur síos ar **DHÁ** ghníomh a d'fhéadfadh do rang a dhéanamh mar chuid den fheachtas seo. (8 marc)

(c) Dear póstaer a d'úsáidfeá chun go mbeifí níos mó ar an eolas mar gheall ar chearta daoine atá ag dul in aois. Ba cheart go mbeadh mana agus líníocht nó pictiúr sa dearadh agat. (Tá leathanach bán le haghaidh an phóstaeir ar fáil ar leathanach 16 sa fhreagarleabhar seo.) (6 mharc)

**2. Rannpháirtíocht Fear agus Ban sa Pholaitíocht**

Sa bhliain 1919, nuair a tháinig an Chéad Dáil le chéile, bhí an Chuntaois Constance Markievicz, a ceapadh ina hAire Saothair, ar an gcéad aire mná i rialtas de chuid na hEorpa.

(a) Tabhair **TRÍ** chúis a mbíonn fir agus mná sásta dul ar aghaidh mar iarrthóirí chun na Dála. (6 mharc)

(b) Tá líon beag ban sa Dáil faoi láthair. Scríobh alt gairid le haghaidh do nuachtlitir scoile ag tabhairt **TRÍ** chúis gur mhaith an rud é dá dtoghfaí níos mó ban chun na Dála. (6 mharc)

(c) Déan cur síos ar **DHÁ** ghníomh a d'fhéadfadh an Dáil a dhéanamh chun níos mó ban a mhealladh chun dul ar aghaidh mar iarrthóirí toghcháin. (8 marc)

**3.** **<u>Cuairt ó Bhall den Gharda Síochána</u>**

Tá an rang agatsa tar éis a bheith ag cur eolais ar chúrsaí dlí mar chuid den chúrsa OSSP agus teastaíonn uaibh tionscadal gnímh a dhéanamh ina dtaobh. Mar do chuidse den Tionscadal Gnímh beartaíonn tú cuireadh a thabhairt do Gharda caint a thabhairt i dtaobh a c(h)uid oibre.

(a) Scríobh amach an óráid a thabharfá agus tú ag cur fáilte roimh an nGarda agus á c(h)ur in aithne don rang. Luaigh **TRÍ** chúis a bhfuil sé tábhachtach go mbeadh meas ag daoine ar an dlí. (8 marc)

(b) Déan cur síos ar obair **TRÍ** cinn de choistí a bhunódh an rang agatsa chun an Tionscadal Gnímh seo a eagrú. (6 mharc)

(c) Dear póstaer le haird a dhíriú ar obair 'An Gharda Síochána'. Ba cheart go mbeadh mana i dtaobh ról 'An Gharda Síochána' i measc an phobail san áireamh agat, chomh maith le líníocht nó pictiúr. (Tá leathanach bán le haghaidh an phóstaeir ar fáil ar leathanach 16 sa fhreagarleabhar seo.)
(6 mharc)

**4.** **<u>Ag ceiliúradh 50 bliain na hÉireann mar bhall de na Náisiúin Aontaithe</u>**

I Mí na Nollag 2005 bhí Éire ag ceiliúradh 50 bliain mar bhall de na Náisiúin Aontaithe. Tá beartaithe ag an rang OSSP agatsa leabhrán comórtha ar rannpháirtíocht na hÉireann sna Náisiúin Aontaithe a chur le chéile.

(a) Dear clúdach le haghaidh leabhráin a d'úsáidfeá chun rannpháirtíocht na hÉireann sna Náisiúin Aontaithe le 50 bliain a cheiliúradh. Ba cheart go mbeadh teideal oiriúnach agat le haghaidh an leabhráin chomh maith le líníocht nó pictiúr i do dhearadh. (Tá leathanach bán le haghaidh chlúdach an leabhráin ar fáil ar leathanach 16 sa fhreagarleabhair seo). (6 mharc)

(b) Scríobh óráid a thabharfá agus an leabhrán á sheoladh. Tabhair **TRÍ** chúis a bhfuil tábhacht leis na Náisiúin Aontaithe inniu. (6 mharc)

(c) Seachas an leabhrán comórtha, déan cur síos ar **DHÁ** ghníomh eile a d'fhéadfadh an Rang OSSP agatsa a dhéanamh chun tréimhse bhallraíochta na hÉireann sna Náisiúin Aontaithe a cheiliúradh. (8 marc)

**Cuir tic [✓] leis an gceist as Roinn 3 atá á freagairt agat.**

**C. 1** ☐ **C. 2** ☐ **C. 3** ☐ **C. 4** ☐

**Le haghaidh na ceiste ar an gCLÚDACH LEABHRÁIN/ bPÓSTAER**

**[ *C1 (c), C3 (c) nó C4 (a)* ] i Roinn 3 amháin.**